RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1186 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Iúil 2022

lena ndeonaítear údarú ón Aontas le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha "L+R Propanol PT1 Family"

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 44(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Aibreán 2019, chuir Lohmann & Rauscher International GmbH&Co.KG iarratas isteach i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 maidir le fine táirgí bithicídeacha ar a dtugtar "L+R Propanol PT1 Family" de chineál táirge 1 a údarú, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus thug siad daingniú i scríbhinn gur chomhaontaigh údarás inniúil na hEilvéise meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Rinneadh taifead den iarratas faoi chás-uimhir BC-MU051242-25 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(2) Is iad própán-1-ól própán-2-ól na substaintí gníomhacha atá in "L+R Propanol PT1 Family", ar substaintí iad a airítear ar liosta an Aontais de na substaintí gníomhacha formheasta le haghaidh PT 1 dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(3) An 29 Márta 2021, chuir an t-údarás inniúil meastóireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, tuarascáil mheasúnachta mar aon le conclúidí a mheastóireachta faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ("an Ghníomhaireacht").

(4) An 4 Samhain 2021, chuir an Ghníomhaireacht tuairim faoi bhráid an Choimisiúin ([2]), tuairim lenar áiríodh an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh le haghaidh "L+R Propanol PT1 Family" agus an tuarascáil mheasúnachta dheiridh ar an bhfine táirgí bithicídeacha i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(5) Is é conclúid na tuairime gur fine táirgí bithicídeacha atá in "L+R Propanol PT1 Family" de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (s), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, gur fine í atá incháilithe le haghaidh údarú ón Aontas i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Rialachán sin agus, faoi réir chomhlíonadh na dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh, go gcomhlíonann sí na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) agus (6) den Rialachán sin.

(6) An 22 Samhain 2021, sheol an Ghníomhaireacht an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh, i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(7) Aontaíonn an Coimisiún le tuairim na Gníomhaireachta agus measann sé gurb iomchuí, dá bhrí sin, údarú ón Aontas le haghaidh "L+R Propanol PT1 Family" a dheonú.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

([2]) Tuairim ó ECHA an 7 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an údarú ón Aontas le haghaidh "L+R Propanol PT1 Family" (ECHA/BPC/291/2021), https://echa.europa.eu/bpc-opinions-on-union-authorisation.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear údarú ón Aontas ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0027466-0000 do Lohmann & Rauscher International GmbH&Co.KG maidir leis an bhfine táirgí bithicídeacha "L+R Propanol PT1 Family" a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú ón Aontas bailí ón 31 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2032

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh tacar táirgí bithicídeacha

L+R Propanol PT1 Family

Cineál táirge 1 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)

Uimhir an údaraithe: EU-0027466-0000

Uimhir sócmhainne R4BP: EU-0027466-0000

CUID I

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Ainm an tacair**

Ainm	L+R Propanol PT1 Family

1.2. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)

1.3. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	Lohmann & Rauscher International GmbH & Co. KG
	Seoladh	Westerwaldstrasse 4, 56579 Rengsdorf An Ghearmáin
Uimhir an údaraithe	EU-0027466-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0027466-0000	
Dáta an údaraithe	31 Iúil 2022	
Dáta éaga an údaraithe	30 Meitheamh 2032	

1.4. **Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha**

Ainm an déantóra	Lohmann & Rauscher International GmbH & Co. KG
Seoladh an déantóra	Westerwaldstrasse 4, 56579 Rengsdorf An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	A.F.P. Antiseptica Forschungs- und Produktionsgesellschaft mbH, Otto-Brenner-Straße 16-18, 21337 Lüneburg An Ghearmáin

1.5. **Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Propan-2-ol

Ainm an déantóra	INEOS Solvent Germany GmbH
Seoladh an déantóra	Römerstrasse 733, 47443 Moers An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	INEOS Solvent Germany GmbH, Römerstrasse 733, 47443 Moers An Ghearmáin

Substaint ghníomhach	Propan-1-ol
Ainm an déantóra	OQ Chemicals GmbH (formerly OXEA)
Seoladh an déantóra	Rheinpromenade 4a, 40789 Monheim am Rhein An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	OQ Chemicals Corporation, 2001 FM 3057 (formerly OXEA Corporation), TX 77414-2968 Bay City Stáit Aontaithe Mheiriceá

Substaint ghníomhach	Propan-1-ol
Ainm an déantóra	Sasol Chemie GmbH & Co. KG
Seoladh an déantóra	Secunda Chemical Operations, Sasol Place, 50 Katherine Street, 2090 Sandton An Afraic Theas
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Secunda Chemical Operations, PDP Kruger Street, 2302 Secunda An Afraic Theas

Substaint ghníomhach	Propan-1-ol
Ainm an déantóra	BASF SE
Seoladh an déantóra	Carl-Bosch-Str. 38, 67056 Ludwigshafen An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	BASF SE, Carl-Bosch-Str. 38, 67056 Ludwigshafen An Ghearmáin

2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ

2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Propan-2-ol		Substaint Ghníomhach	67-63-0	200-661-7	45,0	45,0
Propan-1-ol		Substaint Ghníomhach	71-23-8	200-746-9	30,0	30,0
Tetradecanol	Myristil alcohol	Substaint neamhgh-níomhach	112-72-1	204-000-3	0,0	0,95

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Foirmliú (nó foirmlithe)	AL - Aon leacht eile

CUID II

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE - SPC(ANNA) META

META SPC 1

1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN META SPC 1**

1.1. **Aitheantóir Meta SPC 1**

Aitheantóir	meta SPC 1

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-1

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)

2. **COMHDHÉANAMH META SPC 1**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meta SPC 1**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Propan-2-ol		Substaint Ghníomhach	67-63-0	200-661-7	45,0	45,0
Propan-1-ol		Substaint Ghníomhach	71-23-8	200-746-9	30,0	30,0
Tetradecanol	Myristil alcohol	Substaint neamhghníomhach	112-72-1	204-000-3	0,95	0,95

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meta SPC 1**

Foirmliú (nó foirmlithe)	AL - Aon leacht eile

3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM META SPC 1**

Ráitis ghuaise	Leacht agus gal inlasta. Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil. Díobhálach don saol uisceach le héifeachtaí buana. D'fhéadfadh a bheith ina chúis le codlatacht nó meadhrán. D'fhéadfadh ilnochtadh a bheith ina chúis le tirimeacht chraicinn nó le scoilteadh craicinn.
Ráitis réamhchúraim	Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. - Cosc ar thobac. Coinnigh an coimeádán dúnta go docht. Seachain análú gala. Ná húsáid ach taobh amuigh nó i limistéar dea-aeráilte. Seachain scaoileadh isteach sa chomhshaol. MÁ IONANÁLAÍTEAR:Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE:Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad.Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. Glaoigh láithreach ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir. Stóráil in áit atá aeráilte go maith.Coinnigh fionnuar. Stóráil faoi ghlas. Diúscair ábhar chuig i ngléasra formheasta diúscartha dramhaíola.

4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE META SPC 1**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1. Úsáid # 1 – Díghalrán lámh sláinteachais

An cineál táirge	PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Neamhábhartha.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Míceabhaictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: viruses (limited spectrum of virucidal activity) Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon — ospidéil agus institiúidí cúram sláinte eile, rannóga na n-othar seachtrach, ionaid sláinte, tithe altranais (cúram baile d'othair san áireamh) — ceaintíní ospidéil, cistineacha móra, tionscail chógaisíochta, láithreáin táirgthe, saotharlanna: díghalrán lámh sláinteachais ar lámha atá glan agus tirim — úsáid ghairmiúil amháin.

Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Feidhmiú de láimh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: cuimilt
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Dáileog: 3 ml ar a laghad (úsáid dáileoirí, mar shampla socraigh ag 1,5 ml an buille, 2 bhuille/3 ml). Íos-aga teagmhála: 30 soic. Airí caolaithe: táirge atá réidh le húsáid Airí uainithe: Níl aon srian curtha le líon na n-uaireanta a chuirtear an táirge ort ná lena n-uainiú. Ní gá eatraimh sábháilteachta a chur san áireamh idir na hamanna a chuirtear an táirge ort. Is féidir an táirge a úsáid am ar bith agus chomh minic agus is gá.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Tionsclaíoch Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	100ml, 500ml agus 1000ml i mbuidéil thrédhearcacha HDPE le caipín smeacha PP.

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Is féidir na táirgí a chur ort go díreach nó is féidir dáileoir nó caidéal a úsáid leo.

Don dighalrán lámh sláinteachais, úsáid 3 ml den táirge chun go mbeidh na lámha fliuch ar feadh 30 soicind.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 1

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 1

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 1

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 1

4.2. **Tuairisc úsáide**

Tábla 2. Úsáid # 2 – Díghalrán lámh máinliachta

An cineál táirge	PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Neamhábhartha.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil

	Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Míceabhaictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: viruses (limited spectrum of virucidal activity) Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon ospidéil agus institiúidí cúram sláinte eile: dígh alrán lámh máinliachta ar lámha agus ar rítheacha atá glan agus tirim. Úsáid ghairmiúil amháin.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Feidhmiú de láimh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: cuimilt
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Dáileog: 3 ml gach uair (úsáid dáileoirí, mar shampla socraithe ag 1,5 ml an buille, 2 bhuille/3 ml). Íos-aga nochta: 90 soic. Airí caolaithe: táirge atá réidh le húsáid Airí uainithe: Níl aon srian curtha le líon na n-uaireanta a chuirtear an táirge ort ná lena n-uainiú. Ní gá eatraimh sábháilteachta a chur san áireamh idir na hamanna a chuirtear an táirge ort. Is féidir an táirge a úsáid am ar bith agus chomh minic agus is gá.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	100ml, 500ml agus 1 000ml i mbuidéil thrédhearcacha HDPE le caipín smeacha PP.

4.2.1. Treoracha úsáidsonracha úsáide

Is féidir na táirgí a chur ort go díreach nó is féidir dáileoir nó caidéal a úsáid leo.

Don dígh alrán lámh máinliachta, úsáid an líon 3 ml agus is gá chun go mbeidh na lámha fliuch ar feadh 90 soicind.

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 1

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 1

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 1

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 1

5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE** [1] **MAIDIR LE META SPC 1**

5.1. **Treoracha úsáide**

Úsáid ghairmiúil amháin.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Seachain teagmháil leis na súile.

Coimeád as aimsiú leanaí.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Nigh an craiceann le neart uisce láithreach. Ina dhiaidh sin, bain na héadaí éilithe go léir agus nigh iad sula n-úsáidfear arís iad. Lean den chraiceann a ní le huisce ar feadh 15 nóiméad. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Tabhair an duine amach faoin aer agus coimeád socair é, i riocht ina bhféadfaidh sé anáil a tharraingt go réidh. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta. Lean den sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh liachta a fháil.

Faisnéis don phearsanra cúram sláinte/dochtúir:

Ní mór go ndéanfaí na súile a shruthlú arís agus arís eile ar an mbealach chuig an dochtúir más rud é gur nochtadh na súile do cheimiceáin alcaileacha (pH > 11), aimíní nó aigéid mar aigéad aicéiteach, aigéad formach nó aigéad próipianach.

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh an béal láithreach. Tabhair rud éigin le n-ól don duine nochta, más féidir leis slogadh. NÁ déan urlacan a spreagadh. Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh liachta a fháil.

I ndiaidh an doirte: Tóg suas é le hábhar ionsúiteach (mar shampla, gaineamh, cré ionfúsórach, ceanglóir uilíoch). Nuair a phioctar suas é, plé leis an ábhar mar atá forordaithe faoi "Ceisteanna diúscartha".

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ní mór go ndéanfaí an t-iarmhar a bhaint go hiomlán den phacáistíocht agus a dhiúscairt ansin i gcomhréir leis na rialacháin maidir le diúscairt dramhaíola.

Ní mór an phacáistíocht nár folmhaíodh i gceart a dhiúscairt i bhfoirm dhiúscartha atá sonraithe ag an gcuideachta dhiúscartha réigiúnach.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Bearta teicniúla agus coinníollacha stórála:

Seilfré: 36 mhí

Coinnigh an coimeádán dúnta go docht agus tirim, agus déan é a stóráil in áit atá fionnuair agus dea-aeráilte. Cosain ó sholas díreach na gréine.

Teocht stórála a mholtar: 0-30 °C

Ceanglais le haghaidh seomraí agus soithí stórála:

Ní mór go ndúnfaí go cúramach coimeádáin atá ar oscailt agus go gcoinneofaí ina seasamh iad chun sceitheadh a chosc. Coinnigh i gcónaí i gcoimeádáin atá comhdhéanta den ábhar céanna as a raibh an bunchoimeádán déanta.

Comhairle faoi chóimeáil stórais:

Ná stóráil le chéile le: substaintí ocsaídithe, substaintí uath-indóite.

[1] Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe laistigh de meta SPC 1.

6. **FAISNÉIS EILE**

7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I META SPC 1**

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm (nó trádainmneacha)	L+R handdisinfect blue		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0027466-0001 1-1				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Propan-2-ol		Substaint Ghníomhach	67-63-0	200-661-7	45,0
Propan-1-ol		Substaint Ghníomhach	71-23-8	200-746-9	30,0
Tetradecanol	Myristil alcohol	Substaint neamhghníom-hach	112-72-1	204-000-3	0,95

META SPC 2

1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN META SPC 2**

1.1. **Aitheantóir Meta SPC 2**

Aitheantóir	meta SPC 2

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-2

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)

2. **COMHDHÉANAMH META SPC 2**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meta SPC 2**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Propan-2-ol		Substaint Ghníomhach	67-63-0	200-661-7	45,0	45,0
Propan-1-ol		Substaint Ghníomhach	71-23-8	200-746-9	30,0	30,0

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meta SPC 2**

Foirmliú (nó foirmlithe)	AL - Aon leacht eile

3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM META SPC 2**

Ráitis ghuaise	Leacht agus gal inlasta. Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil. D'fhéadfadh a bheith ina chúis le codlatacht nó meadhrán. D'fhéadfadh ilnochtadh a bheith ina chúis le tirimeacht chraicinn nó le scoilteadh craicinn.
Ráitis réamhchúraim	Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. - Cosc ar thobac. Coinnigh an coimeádán dúnta go docht. Seachain análú gala. Ná húsáid ach taobh amuigh nó i limistéar dea-aeráilte. MÁ IONANÁLAÍTEAR:Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE:Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad.Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. Glaoigh láithreach ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir. Stóráil in áit atá aeráilte go maith.Coinnigh fionnuar. Stóráil faoi ghlas. Diúscair ábhar chuig i ngléasra formheasta diúscartha dramhaíola.

4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE META SPC 2**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 3. Úsáid # 1 – Díghalrán lámh sláinteachais

An cineál táirge	PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Neamhábhartha.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Míceabhaictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: viruses (limited spectrum of virucidal activity) Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon — ospidéil agus institiúidí cúram sláinte eile, rannóga na n-othar seachtrach, ionaid sláinte, tithe altranais (cúram baile d'othair san áireamh)

	— ceaintíní ospidéil, cistineacha móra, tionscail chógaisíochta, láithreáin táirgthe, saotharlanna: díghalrán lámh sláinteachais ar lámha atá glan agus tirim — úsáid ghairmiúil amháin.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Feidhmiú de láimh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: cuimilt
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Dáileog: 3 ml ar a laghad (úsáid dáileoirí, mar shampla socraigh ag 1,5 ml an buille, 2 bhuille/3 ml). Íos-aga teagmhála: 30 soic. Airí caolaithe: táirge atá réidh le húsáid Airí uainithe: Níl aon srian curtha le líon na n-uaireanta a chuirtear an táirge ort ná lena n-uainiú. Ní gá eatraimh sábháilteachta a chur san áireamh idir na hamanna a chuirtear an táirge ort. Is féidir an táirge a úsáid am ar bith agus chomh minic agus is gá.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Tionsclaíoch Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	100ml, 500ml agus 1 000ml i mbuidéil thrédhearcacha HDPE le caipín smeacha PP.

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Is féidir na táirgí a chur ort go díreach nó is féidir dáileoir nó caidéal a úsáid leo.

Don dighalrán lámh sláinteachais, úsáid 3 ml den táirge chun go mbeidh na lámha fliuch ar feadh 30 soicind.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

4.2. **Tuairisc úsáide**

Tábla 4. Úsáid # 2 – Díghalrán lámh máinliachta

An cineál táirge	PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Neamhábhartha.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Baictéir

	Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Míceabhaictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: viruses (limited spectrum of virucidal activity) Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon ospidéil agus institiúidí cúram sláinte eile: díghalrán lámh máinliachta ar lámha agus ar rítheacha atá glan agus tirim. Úsáid ghairmiúil amháin.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Feidhmiú de láimh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: cuimilt
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Dáileog: 3 ml gach uair (úsáid dáileoirí, mar shampla socraithe ag 1,5 ml an buille, 2 bhuille/3 ml). Íos-aga nochta: 90 soic. Airí caolaithe: táirge atá réidh le húsáid Airí uainithe: Níl aon srian curtha le líon na n-uaireanta a chuirtear an táirge ort ná lena n-uainiú. Ní gá eatraimh sábháilteachta a chur san áireamh idir na hamanna a chuirtear an táirge ort. Is féidir an táirge a úsáid am ar bith agus chomh minic agus is gá.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	100ml, 500ml agus 1 000ml i mbuidéil thrédhearcacha HDPE le caipín smeacha PP.

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Is féidir na táirgí a chur ort go díreach nó is féidir dáileoir nó caidéal a úsáid leo.

Don díghalrán lámh máinliachta, úsáid an líon 3 ml agus is gá chun go mbeidh na lámha fliuch ar feadh 90 soicind.

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE** [2] **MAIDIR LE META SPC 2**

5.1. **Treoracha úsáide**

Úsáid ghairmiúil amháin.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Seachain teagmháil leis na súile.

Coimeád as aimsiú leanaí.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Nigh an craiceann le neart uisce láithreach. Ina dhiaidh sin, bain na héadaí éilithe go léir agus nigh iad sula n-úsáidfear arís iad. Lean den chraiceann a ní le huisce ar feadh 15 nóiméad. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Tabhair an duine amach faoin aer agus coimeád socair é, i riocht ina bhféadfaidh sé anáil a tharraingt go réidh. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta. Lean den sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh liachta a fháil.

Faisnéis don phearsanra cúram sláinte/dochtúir:

Ní mór go ndéanfaí na súile a shruthlú arís agus arís eile ar an mbealach chuig an dochtúir más rud é gur nochtadh na súile do cheimiceáin alcaileacha (pH > 11), aimíní nó aigéid mar aigéad aicéiteach, aigéad formach nó aigéad próipianach.

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh an béal láithreach. Tabhair rud éigin le n-ól don duine nochta, más féidir leis slogadh. NÁ déan urlacan a spreagadh. Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh liachta a fháil.

I ndiaidh an doirte: Tóg suas é le hábhar ionsúiteach (mar shampla, gaineamh, cré ionfúsórach, ceanglóir uilíoch). Nuair a phioctar suas é, plé leis an ábhar mar atá forordaithe faoi "Ceisteanna diúscartha".

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ní mór go ndéanfaí an t-iarmhar a bhaint go hiomlán den phacáistíocht agus a dhiúscairt ansin i gcomhréir leis na rialacháin maidir le diúscairt dramhaíola.

Ní mór an phacáistíocht nár folmhaíodh i gceart a dhiúscairt i bhfoirm dhiúscartha atá sonraithe ag an gcuideachta dhiúscartha réigiúnach.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Bearta teicniúla agus coinníollacha stórála:

Seilfré: 36 mhí

Coinnigh an coimeádán dúnta go docht agus tirim, agus déan é a stóráil in áit atá fionnuair agus dea-aeráilte. Cosain ó sholas díreach na gréine.

Teocht stórála a mholtar: 0-30 °C

Ceanglais le haghaidh seomraí agus soithí stórála:

Ní mór go ndúnfaí go cúramach coimeádáin atá ar oscailt agus go gcoinneofaí ina seasamh iad chun sceitheadh a chosc. Coinnigh i gcónaí i gcoimeádáin atá comhdhéanta den ábhar céanna as a raibh an bunchoimeádán déanta.

Comhairle faoi chóimeáil stórais:

Ná stóráil le chéile le: substaintí ocsaídithe, substaintí uath-indóite.

[2] Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe laistigh de meta SPC 2.

6. **FAISNÉIS EILE**

7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I META SPC 2**

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm (nó trádainmneacha)	L+R handdisinfect 03		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0027466-0002 1-2				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Propan-2-ol		Substaint Ghníomhach	67-63-0	200-661-7	45,0
Propan-1-ol		Substaint Ghníomhach	71-23-8	200-746-9	30,0

7.2. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm (nó trádainmneacha)	L+R handdisinfect 04		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0027466-0003 1-2				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Propan-2-ol		Substaint Ghníomhach	67-63-0	200-661-7	45,0
Propan-1-ol		Substaint Ghníomhach	71-23-8	200-746-9	30,0